



Comhairle Contae an Chláir
Clare County Council

Tuarascáil Ar An Mbearna Phá Idir Na Hinscní 2025



COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR
CLARE COUNTY COUNCIL

Clár an Ábhair

1. Réamhrá	4
2. Cúlra	5
3. Fúinn	6
Rialtas Áitiúil in Éirinn	6
Comhairle Contae an Chláir	7
Comhairle Contae an Chláir: Déimeagrafach na Foirne	9
4. Tuairisciú ar an mBearna Phá idir na hInscní	10
Tuairisciú ar an mBearna Phá idir na hInscní 2025	10
Cé atá san áireamh?	10
Cad is brí leis an mBearna Phá idir na hInscní?	10
Bearna Phá Mheánach agus Airmheánach idir na hInscní	11
Bandaí Pá Ceathairle	12
Bónas agus sochar comhchineáil	12
Tosca a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an mBearna Phá idir na hInscní	13
5. Ár bhFigiúirí	14
Bearna Phá Mheánach agus Airmheánach idir na hInscní-gach fostaí	14
Bearna Phá Mheánach agus Airmheánach idir na hInscní- fostaithe páirtaimseartha	15
Bearna Phá Mheánach agus Airmheánach idir na hInscní- fostaithe sealadacha	16
Sochar comhchineáil	17
Íocaíocht bónais	17
6. An chaoi a bhfuilimid ag tacú le Comhionannas Inscne	17
Cleachtais earcaíochta atá cothrom agus trédhearcach	17
Cothromaíocht oibre agus saoil	18
Sláinte agus Folláine	18
Dínit ag an Obair	19
Dualgas na hEarnála Poiblí	19
Mná i gceannaireacht	20
Printíseachtaí	20

Tionscnaimh Chomhairle Contae an Chláir	21
.....	21
7. Achoimre	23
Bailiú sonraí agus forbairt beartais atá bunaithe ar fhianaise.....	23
Conclúid	23

1. Réamhrá

Tá áthas ar Chomhairle Contae an Chláir a Tuarascáil ar an mBearna Pá idir na hInscní a sheoladh don cheathrú bliain as a chéile.

Tá daoine lárnach san eagraíocht, agus leanann Comhairle Contae an Chláir ag cur cultúr cuimsitheach chun cinn agus a chothú a sheasann le comhionannas deiseanna agus a chinntíonn go mbraitheann gach fostaí go bhfuil meas orthu. Urramaíonn an Chomhairle comhionannas agus cearta an duine i gcomhréir le prionsabail Dhualgas na hEarnála Poiblí agus leis an reachtaíocht chomhionannais ábhartha.

Mar údarás áitiúil, tá ról lárnach ag Comhairle Contae an Chláir maidir le seirbhísí a sholáthar don phobal. Tá an eagraíocht tiomanta do chomhionannas rochtana, rannpháirtíochta agus torthaí a chinntiú do chách ina seachadadh seirbhíse. Déanann sé iarracht ionad oibre a sholáthar ina bhfuil comhdheiseanna ag gach fostaí le haghaidh aitheantais agus forbairt gairme, agus ina bhfuil cothroime agus cothromas leabaithe i gcleachtas laethúil. Tá an Chomhairle tiomanta i gcónaí do bhacainní san ionad oibre ar chomhionannas a bhaint, tacú le héagsúlacht, agus pobal oscailte agus cuimsitheach a chothú.

Tá go leor tionscnamh agus tacaíochtaí comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe i bhfeidhm cheana féin, agus leanfaidh an Chomhairle ag tógáil ar na hiarrachtaí sin.

Scrúdóidh an Chomhairle na sonraí maidir leis an mbearna phá idir na hinscní chun léargas a fháil ar threochtaí a bheidh i gceist le pleananna gníomhaíochta sa réimse seo amach anseo. Beidh monatóireacht a dhéanamh ar na treochtaí seo le himeacht ama mar thosaíocht i gcónaí.



Gordon Daly
Príomhfheidhmeannach



Cllr. Paul Murphy
Cathaoirleach

2. Cúlra

- Leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021, ceanglaítear ar eagraíochtaí a bhfuil níos mó ná 50 fostaí acu tuairisc a thabhairt ar a mBearna Phá idir na hInscní.
- Is saincheist thábhachtach í saincheist na ndifríochtaí pá idir na hinscní, ní hamháin don ionad oibre ach don tsochaí i gcoitinne.
- Tá daoine i gcroílár ár n-eagraíochta – leanaimid orainn ag iarraidh cultúr eagraíochtúil cuimsitheach a chur chun cinn agus a chothú lena gcuirtear comhionannas deiseanna ar fáil agus ina mothaíonn gach fostaí go bhfuil meas air.
- Tá údaráis áitiúla ar thús cadhnaíochta maidir le seirbhísí a sholáthar dár saoránaigh.
- Is áit í ár n-eagraíocht ina bhfuil na deiseanna céanna ag gach fostaí maidir le haitheantas agus forbairt gairme agus ina gcaitear go cothrom agus i gcothromas leo ag an obair.
- Táimid tiomanta i gcónaí aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar chomhionannas san ionad oibre, tacú leis an éagsúlacht agus pobal oscailte agus cuimsitheach san ionad oibre a chruthú.
- Tá go leor tionscnamh agus tacaíochtaí comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe i bhfeidhm cheana féin, agus leanfaimid orainn ag obair sa réimse sin – ach is féidir feabhas a chur air i gcónaí.
- Scrúdóimid an méid is féidir le figiúirí na bearna phá idir na hinscní i mbliana a insint dúinn faoinár n-eagraíocht agus cuideoidh sé sin lenár bpleananna gníomhaíochta a threorú.
- Beimid ag obair lenár gcomhghleacaithe ar fud na hearnála chun dea-chleachtas a roinnt.
- Leanfaimid orainn ag déanamh monatóireachta ar na treochtaí seo le himeacht ama.

3. Fúinn

Rialtas Áitiúil in Éirinn

Tá 31 údarás áitiúil agus 3 thionól réigiúnacha in Éirinn. Is iad na húdaráis áitiúla an cineál rialtais is gaire agus is inrochtana do shaoránaigh. Tá siad freagrach as raon leathan seirbhísí a sholáthar ina gceantar áitiúil, agus béim á leagan ar chathracha, bailte, sráidbhailte agus an tuath a dhéanamh ina n-áiteanna tarraingteacha chun cónaí, obair agus infheistíocht a dhéanamh iontu. Cuireann seirbhísí údaráis áitiúil go mór le forbairt fhisiciúil, chultúrtha, shóisialta agus chomhshaoil na bpobal agus áirítear orthu tithíocht, pleanáil, bonneagar, cosaint an chomhshaoil agus soláthar áiseanna agus áineas agus bonneagar pobail.

Tá ról lárnach ag údaráis áitiúla maidir le cuimsiú sóisialta agus cáilíocht saoil a chur chun cinn agus tacú le forbairt eacnamaíoch agus le fiontar ar an leibhéal áitiúil. Glacann údaráis áitiúla an príomhról maidir le fíis straitéiseach an chontae nó na cathrach a mhúnlú. Oibríonn siad freisin i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí stáit, poiblí agus príobháideacha eile chun bonneagar criticiúil agus seirbhísí comhroinnte a sholáthar. Cuireann údaráis áitiúla na céadta seirbhísí ar fáil agus cuireann siad beartas i bhfeidhm ar fud raon réimsí lena n-áirítear:

Na hEalaíona agus an cultúr
Gníomhú ar son na hAeráide
Seirbhísí Comhphobail
Forbairt Eacnamaíochta
Comhshaol
Tithíocht
Leabharlanna
Páirceanna agus Spásanna Oscailte
Pleanáil
Bóithre agus iompar
Turasóireacht

Tagann fostaithe na n-údarás áitiúil ó réimse leathan cúlraí a bhfuil tacair scileanna, cáilíochtaí agus taithí éagsúla acu. I measc na rólí san earnáil tá:

Cuntasóirí
Riarthóirí
Printíseachtaí
Seandálaithe

Ailtirí
Cartlannaithe
Oifigigh chaomhantais
Innealtóirí

Seirbhísí Dóiteáin
Seirbhís ghinearálta agus ceardaithe
Céimithe
Sláinte agus Sábháilteacht
Teicneolaíocht Faisnéise

Seirbhísí Leabharlainne
Pleanálaithe
Róil Ardbhainistíochta
Teicneoirí

Trí bheith ag obair dúinn, tugtar an deis dár bhfostaithe taithí a fháil i gcroílár an rialtais áitiúil agus fíordhifríocht a dhéanamh don cheantar áitiúil. Tá gach rud a dhéanaimid dírithe ar áit chónaithe agus oibre iontach a dhéanamh dár gcontae agus tá ról ríthábhachtach ag ár bhfostaithe san uaillmhian sin.

Comhairle Contae an Chláir

Is é Comhairle Contae an Chláir an t-údarás atá freagrach as Rialtas Áitiúil i gContae an Chláir. Tá an ceanncheathrú corparáideach lonnaithe in Áras Contae an Chláir, Bóthar Nua, Inis agus tá ceithre Cheantar Bardasach ann (Inis, Sionainn, Cill Ala, agus Iarthar an Chláir) a fhaigheann tacaíocht trí oifigí ceantair in Inis, An Scairbh, Sionainn, Inis Tíomáin agus Cill Rois. Tá 28 ball tofa i gComhairle Contae an Chláir agus tá buiséad oibriúcháin bliantúil de €191 milliún ann don bhliain 2025.

Le suíomh, tírdhreach agus oidhreacht uathúil, oibríonn Comhairle Contae an Chláir ar fud pobail uirbeacha agus tuaithe ag soláthar raon seirbhísí ar fud limistéar mór geografach. I measc na seirbhísí tá pleanáil, forbairt eacnamaíoch agus pobail, iompar, comhshaol, seirbhísí éigeandála, tithíocht, leabharlanna, spóirt agus taitneamhachtaí. Tacaíonn seirbhísí inmheánacha leis na hoibríochtaí seo lena n-áirítear feidhmeanna TFC, corparáideacha, airgeadais agus acmhainní daonna.


Tá déimeagrafach éagsúil i gContae an Chláir agus tugann turasóireacht athruithe séasúracha ar dhaonra agus ar ghníomhaíocht sa chontae. Cuireann Inbhear na Sionainne, Aerfort na Sionainne, criosanna tionsclaíocha, agus suíomh geografach idir limistéir uirbeacha mhóra, in éineacht leis an tírdhreach agus an oidhreacht uathúil le héagsúlacht na gníomhaíochta sa chontae. Neartaítear an daonlathas áitiúil trí na Ceantair Bhardasacha agus leagadh béim níos mó ar ról an údaráis áitiúil maidir le gníomhaíocht eacnamaíoch a thiomáint, cuntasacht, inrochtaineacht agus nuálaíocht a chinntiú agus an custaiméir agus an pobal a chur chun tosaigh maidir le seachadadh seirbhíse.

Táimid ag díriú ar ghníomhaíocht eacnamaíoch, cuntasacht, inrochtaineacht agus nuálaíocht a chinntiú, agus an custaiméir agus an pobal a chur i gcroílár na rudaí a dhéanaimid. Cuirimid deiseanna gairme den scoth ar fáil i raon leathan róil riaracháin, gairmiúla, cruthaitheacha, teicniúla agus seirbhísí ginearálta.


Oibríonn ár bhfostaithe in údarás áitiúil dinimiciúil agus forásach a chuireann oiliúint agus forbairt ár bhfostaithe chun cinn arb iad an acmhainn is luachmhaire atá againn.

Comhairle Contae an Chláir: Déimeagrafach na Foirne


% Fostaithe de réir Inscne an 30 Meitheamh 2025



% Fostaithe go lánaimseartha / go páirtaimseartha an 30 Meitheamh 2025



% Fostaith do réir catagóir poist an 30 Meitheamh 2025



4. Tuairisciú ar an mBearna Phá idir na hInscní

Tuairisciú ar an mBearna Phá idir na hInscní 2025

Leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021, ceanglaítear ar eagraíochtaí a bhfuil níos mó ná 50 fostaí acu tuairisc a thabhairt ar a mBearna Phá idir na hInscní. Is í 2025 an ceathrú bliain a mbeidh ar eagraíochtaí tuairisc a thabhairt ar a mBearna Phá idir na hInscní. Iarrtar ar eagraíochtaí dáta 'léargais' a roghnú i mí an Mheithimh.

Is í an tréimhse tuairiscithe an tréimhse 12 mí díreach roimh an dáta léargais agus an dáta sin san áireamh. I gcás na n-údarás áitiúil, is é an 30 Meitheamh 2025 an dáta léargais. Tá 5 mhí ag eagraíochtaí chun a ríomhanna a ullmhú, sula dtuairisceoidh siad 5 mhí ina dhiaidh sin le linn mhí na Samhna 2025. Ní mór an fhaisnéis a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an fhostóra nó ar bhealach éigin eile atá inrochtana ag a fhostaithe uile agus ag an bpobal.

Cé atá san áireamh?

Gach duine atá fostaithe ag an bhfostóir ar an dáta léargais, lena n-áirítear fostaithe nach bhfuil uainchláraithe chun oibriú ar an dáta sin agus fostaithe atá ar saoire. Lena chois sin, ní mór na figiúirí meánacha agus airmheánacha a shonrú leo féin d'fhostaithe páirtaimseartha agus sealadacha.

Cad is brí leis an mBearna Phá idir na hInscní?

Leis an mBearna Phá idir na hInscní, ríomhtar an difríocht chéatadáin idir meántuilleamh na bhfear agus na mban gan beann ar a ról. Ní hionann an bhearna phá idir na hinscní agus pá comhionann. Déantar foráil sa reachtaíocht um Chomhionannas Fostaíochta maidir le pá comhionann as obair den chineál céanna. Íoctar gach fostaí fir agus mná in earnáil an rialtais áitiúil go cothrom as obair atá mar an gcéanna nó cosúil nó as obair ar comhionann a luach, dá bhrí sin ní scrúdaítear pá comhionann sa tuarascáil seo. Déantar rátaí pá laistigh den earnáil a chomhaontú trí chomhaontuithe pá náisiúnta a chaibidlítear go rialta idir fostóirí agus ionadaithe foirne. Íoctar formhór na bhfostaithe de réir scála tuarastail incriminteach agus tá na raonta tuarastail do ról éagsúla ar fáil ar an suíomh gréasáin maidir le poist an rialtais áitiúil ag www.localgovernmentjobs.ie

Bearna Phá Mheánach agus Airmheánach idir na hInscní

Leis an mBearna Phá idir na hInscní, ríomhtar an difríocht chéatadán idir meántuilleamh na bhfear agus na mban gan beann ar a ról, agus na bearta seo a leanas á n-úsáid:

BEARNA PHÁ MHEÁNACH IDIR NA hINSCNÍ

Léiríonn sé sin an difríocht % idir meánráta phá na bhfear in aghaidh na huaire agus meánráta phá na mban in aghaidh na huaire.

$$\frac{(\text{meánráta fir in aghaidh na huaire}) - (\text{meánráta mná in aghaidh na huaire})}{\text{meánráta fir in aghaidh na huaire}} \times 100$$

BEARNA PHÁ AIRMHEÁNACH IDIR NA hINSCNÍ

Léiríonn sé sin an difríocht % idir ráta airmheánach phá na bhfear in aghaidh na huaire agus ráta airmheánach phá na mban in aghaidh na huaire.

$$\frac{(\text{airmheán rátaí fir in aghaidh na huaire}) - (\text{airmheán rátaí mná in aghaidh na huaire})}{\text{airmheán rátaí fir in aghaidh na huaire}} \times 100$$

Is é an meán an meánráta. Ríomhtar é tríd an difríocht a fháil idir an meánráta pá in aghaidh na huaire d'fhir agus an meánráta pá in aghaidh na huaire do mhná (ráta in aghaidh na huaire d'fhir lúide ráta in aghaidh na huaire do mhná), arna shloinneadh mar chéatadán den ráta in aghaidh na huaire d'fhir. Má tá an figiúr sin diúltach, tá meánráta na mban in aghaidh na huaire níos airde ná meánráta na bhfear in aghaidh na huaire ar an dáta léargais. Má tá an figiúr sin dearfach, tá meánráta na bhfear in aghaidh na huaire níos airde ná meánráta na mban in aghaidh na huaire ar an dáta léargais.

Is é an t-airmheán an figiúr a thiteann i lár raon ina liostaítear tuarastal na bhfostaithe ábhartha go léir, ón gceann is ísle go dtí an ceann is airde. Is féidir leis sin léiriú níos cruinne a thabhairt ar na difríochtaí 'tipiciúla' sa phá.

Tá sé úsáideach breathnú ar na figiúirí meánacha agus airmheánacha araon, mar is féidir le gach ceann acu rud éigin difriúil a insint dúinn faoi na fachtóirí bunúsacha a théann i bhfeidhm ar an mbearna phá. Mar shampla, is féidir le líon beag fostaithe ar íocaíocht níos airde tionchar a imirt ar an meánfhigiúr agus más amhlaidh an cás, d'fhéadfadh an figiúr airmheánach a bheith níos ionadaíche ar an difríocht idir an méid a íoctar le fear agus le bean. Má tá difríocht shuntasach idir an bhearna mheánach agus airmheánach phá don eagraíocht, d'fhéadfadh sé sin a léiriú go bhfuil tionchar ag láithreach saothraithe atá ar phá an-íseal (rud a

fhágann go bhfuil an meán níos ísle ná an t-airmheán) nó ag grúpa saothraithe ar phá níos airde (rud a fhágann go bhfuil an meán níos airde ná an t-airmheán) ar na sonraí. Tá sé tábhachtach a mheabhrú freisin go n-úsáideann an tuarascáil seo sonraí ar dháta léargais i mí an Mheithimh. Is féidir le bearnaí pá idir na hinscní luainiú ó mhí go mí agus ar fud bandaí pá ceathairle, ag brath ar athruithe ar líon na ndaoine. Mar sin féin, tabharfaidh na príomhfhiigiúirí léiriú maith ar na difríochtaí idir an meántuilleamh idir fir agus mná.

Bandaí Pá Ceathairle

Trí fhostaithe a roinnt ina gceithre ghrúpa thart ar chomhionann (nó ceathairle) le pá grádaithe ón duine is ísle go dtí an duine is airde, cabhraítear linn scrúdú a dhéanamh ar phá thar leibhéil éagsúla den eagraíocht. Ní mór d'eagraíochtaí tuairisc a thabhairt ar chéatadán na bhfostaithe a thagann faoi na bandaí pá in aghaidh na huaire sa cheathairle íochtair, láir íochtair, láir uachtair agus uachtair. D'fhonn fostaithe a ghrúpáil isteach sna Bannaí Pá Ceathairle sin, liostaíonn an eagraíocht gach fostaí ón duine is ísle go dtí an duine is airde, bunaithe ar a rátaí in aghaidh na huaire. Ansin roinntear na fostaithe i gceithre ghrúpa chomhionanna nó i gCeathairleanna mar seo a leanas - íochtair, lár íochtair, lár uachtair agus uachtair. Ansin taispeánann an fostóir cion na bhfostaithe fear agus ban i ngach ceathairle mar chéatadán e.g. céatadán na bhfostaithe fear sa cheathairle íochtair agus céatadán na bhfostaithe ban sa cheathairle íochtair (agus mar sin de).

Bónas agus sochar comhchineáil

Ní mór figiúirí a sholáthar freisin le haghaidh íocaíochtaí bónais nó íocaíochtaí maidir le sochar comhchineáil má tá feidhm acu sin. Níl íocaíochtaí bónais i bhfeidhm laistigh den earnáil rialtais áitiúil. D'fhéadfadh sochar comhchineáil teacht chun cinn i gcúinsí áirithe, amhail sa chás go n-íocann an fostóir roinnt táillí gairmiúla.

Tosca a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an mBearna Phá idir na hInscní

Mar a luadh cheana, ní fhéachann an tuarascáil seo ar phá comhionann. Íoctar gach fostaí, beag beann ar inscne, go cothrom as obair atá mar an gcéanna nó cosúil nó as obair ar comhionann a luach. Mar sin féin, is féidir le roinnt tosca casta tionchar a imirt ar dhifríochtaí idir an méid a íoctar le fostaíthe, lena n-áirítear:

- Leithscaradh gairme – d'fhéadfadh sé gur mheall roinnt catagóirí poist nó gairmeacha níos mó ban ná fear ar bhonn traidisiúnta nó a mhalairt.
- Patrúin oibre – obair lánaimseartha agus obair pháirtaimseartha. D'fhéadfadh sé go lorgódh níos mó ban ná fir obair pháirtaimseartha nó sosanna gairme agus cé nach mbeadh tionchar aige sin ar a ráta pá in aghaidh na huaire, d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar roghanna maidir le dul chun cinn gairme.
- Fad seirbhíse – d'fhéadfadh sé go gciallódh méaduithe incriminteacha ar phá go n-íoctar fostaíthe nua níos lú ná fostaíthe a bhfuil níos mó taithí acu.
- Tráth na bliana – d'fhéadfaí oibrithe sealadacha nó séasúracha a earcú le haghaidh róil éagsúla a d'fhéadfadh ráta difriúil pá a mhealladh.
- Miondealú inscne ar róil shinsearacha ag tuarastail níos airde – is féidir le líon beag fostaíthe ar phá níos airde tionchar a bheith acu ar na meánfhigiúirí.
- Miondealú inscne ar róil a bhaineann le pá níos ísle – is féidir le líon mór fostaíthe ar phá níos ísle difear a dhéanamh do na meánfhigiúirí.

Má thuairiscíonn eagraíocht **bearna phá dhearfach idir na hinscní**, ní chiallaíonn sé go n-íoctar mná níos lú ná fir as an bpost céanna a dhéanamh, ach léiríonn sé go bhfuil róil íoctha níos airde ag fir ar an meán ná ag mná.

Má thuairiscíonn eagraíocht **bearna phá dhiúltach idir na hinscní**, ní chiallaíonn sé go n-íoctar fir níos lú ná mná as an bpost céanna a dhéanamh, ach léiríonn sé go bhfuil róil íoctha níos airde ag mná ar an meán ná mar atá ag fir.

Dá mhéad an bhearna phá dhearfach nó dhiúltach atá ann, is ea is suntasaí na difríochtaí i rátaí pá in aghaidh na huaire agus is ea is mó fir nó mná a bheidh ag obair go comhréireach i róil íoctha níos airde nó níos ísle laistigh den eagraíocht.

5. Ár bhFigiúirí


Bearna Phá Mheánach agus Airmheánach idir na hInscní-gach fostaí

Léiríonn an **Bhearna Phá Mheánach idir na hInscní** go n-íoctar mná 8.84% in aghaidh na huaire níos mó ná fir ar an meán. Léiríonn an **Bhearna Phá Airmheánach idir na hInscní** go bhfuil an meánráta pá do mhná 10.5% in aghaidh na huaire níos airde ná an meánráta pá d'fhir.

An bhearna phá idir na hinscní 2025	
Gach fostaí le haghaidh na tréimhse tuairiscithe go dtí an 30 Meitheamh 2025	
AN BHEARNA PHÁ MHEÁNACH IDIR NA hINSCNÍ	AN BHEARNA PHÁ AIRMHEÁNACH IDIR NA hINSCNÍ
-8.84%	-10.50%

Trí bhreathnú ar dháileadh na bhfostaithe ar fud na gceithre Bhanna Pá Ceathairle, cabhraítear linn scrúdú a dhéanamh ar phá ag leibhéil éagsúla den eagraíocht.

Tabhair do d'aire: Is é 61%:40% (fear:bean) miondealú inscne na bhfostaithe uile an 30 Meitheamh 2025. Taispeántar é sin ar an líne phoncaithe thuas.



Léiríonn na Bandaí Pá Ceathairle dáileadh na bhfostaithe fear agus ban de réir Banda Pá ar fud na heagraíochta. (Liostálann an eagraíocht gach fostaí ón duine is ísle go dtí an duine is airde, bunaithe ar a rátaí in aghaidh na huaire, ansin roinneann sí é seo i gceithre Bhanna Pá nó Cheathairíl chomhionanna - íochtair, lár íochtair, lár uachtair agus uachtair. Ansin taispeánann an fostóir cion na bhfostaithe fear agus ban i ngach ceathairíl).

Tá an deighilt do gach ceann de na 4 cheathairíl a thaispeántar thuas ag teacht go ginearálta lenár ndéimeagrafaic lucht saothair de 61% fir agus 39% mná. Chun nach mbeadh aon Bhearna Pá Inscne ann, bheifeá ag súil go léireofaí déimeagrafaic an lucht saothair níos dlúithe i ngach ceathairíl.

Tá cion níos airde d'fhir i mBanda 1 agus 2, rud a léiríonn go bhfuil níos mó fear go comhréireach ag gráid níos ísle. I mbandaí pá 3 tá níos mó ban ná sna bandaí íochtaracha, rud a léiríonn go bhfuil níos mó ban i ngráid níos airde go comhréireach, ach cuirfear fáilte roimh mhiondealú inscne 57%:43% i ngráid shinsearacha agus léiríonn sé dul chun cinn maidir le cothromaíocht inscne i róil shinsearacha. Is féidir le níos mó fear ag gráid níos ísle agus níos lú ban ag gráid níos airde dul i bhfeidhm ar na bearnaí meánacha agus airmheánacha pá.

Bearna Phá Mheánach agus Airmheánach idir na hInscní- fostaithe páirtaimseartha

An bhearna phá idir na hinscní 2025 Fostaithe páirtaimseartha le haghaidh na tréimhse tuairiscithe go dtí an 30 Meitheamh 2025	
Bearna Phá Mheánach idir na hInscní	Bearna Phá Airmheánach idir na hInscní
-7.96%	-0.10%

Bhí thart ar 23% dár bhfostaithe go léir ar an 30 Meitheamh ag obair go páirtaimseartha. Is fir iad 56% acu agus mná iad 44%. I measc na bhfachtóirí a théann i bhfeidhm ar phatrún na bhfostaithe páirtaimseartha ar fud na heagraíochta tá raon roghanna oibre solúbtha d'obair pháirtaimseartha, a bhfuil glacadh níos mó acu i gcatagóirí poist riaracháin agus cléireachais, cé go bhfuil siad ar fáil do gach fostaí. Fachtóir eile is ea catagóirí poist ina bhfuil obair pháirtaimseartha ina gné ghairme den ról, lena n-áirítear an tseirbhís dóiteáin, an tseirbhís leabharlainne, maoir phobail agus feighlithe ar thailte adhlactha.

Bearna Phá Mheánach agus Airmheánach idir na hInscní- fostaithe sealadacha

An bhearna phá idir na hInscní 2025	
Fostaithe sealadacha le haghaidh na tréimhse tuairiscithe go dtí an 30 Meitheamh 2025	
Bearna Phá Mheánach idir na hInscní	Bearna Phá Airmheánach idir na hInscní
2.47%	6.68%

Bhí 9.5 % dár bhfostaithe ar chonarthaí sealadacha ar an 30 Meitheamh 2025. Astu sin, is fir iad an chuid is mó, 55%, agus is mná iad 45%. Áirítear leis na conarthaí seo fostaithe sealadacha/séasúracha ar nós gardaí tarrthála, maoir phobail, oifigigh chléireachais, rialaitheoir cuain agus oibrithe ginearálta, chomh maith le mic léinn, cigirí tréidliachta, agus tiománaithe / oibreoirí innealra.

Sochar comhchineáil

Fuair 1.2 % d'fhostaithe fear Sochar Comhchineáil agus fuair 0.9 % de mhná Sochar Comhchineáil i bhfoirm táillí ballraíochta gairmiúla. Tarlaíonn sé seo nuair a bhíonn ballraíocht ghairmiúil ina riachtanas do ról ar leith e.g. cuntasóirí cairte, innealtóirí agus ailtirí.

Íocaíocht bónaís

Níl íocaíochtaí bónaís mar chuid den phá in earnáil an rialtais áitiúil.

6. An chaoi a bhfuilimid ag tacú le Comhionannas Inscne

I gcomhréir leis an Acht um Fhaisnéis maidir le Bearna Pá na nInscní 2021, is í 2025 an ceathrú bliain a thuairiscigh Comhairle Contae an Chláir ar an mbearna pá idir na hinscní, ach tá comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú fós mar chuid den tslí a n-oibrímid.

Cleachtais earcaíochta atá cothrom agus trédhearcach

Mar fhostóir comhdheiseanna, oibrímid chun cultúr comhionannais a chur chun cinn agus déanaimid ár ndícheall glacadh le fíor-chomhionannas deiseanna trínár bpróiseas earcaíochta agus roghnúcháin atá oscailte do chách.

Cuirimid cúnamh agus cóiríocht chuí ar fáil le linn ár bpróiseas earcaíochta agus roghnúcháin, lena n-áirítear áiseanna agallaimh atá inrochtana go héasca a sholáthar, agallamh atá uainithe go cuí a aontú, agus trealamh cuí nó tacaíochtaí ar líne a sholáthar nó a shocrú. Tá ár mbord agallaimh cothromaithe inscne agus faigheann gach bord agallaimh oiliúint, lena n-áirítear oiliúint claonta neamh-chomhfhiúrach mar chuid dár n-oiliúint agallaimh bunaithe ar inniúlachtaí.

Leagann ár leabhrán eolais d'iarrthóirí a eisíodh leis na deiseanna earcaíochta go léir béim ar roghanna oibre solúbtha, agus tá ár dtuairiscí poist agus ár bhfógraí poist neodrach ó thaobh inscne de.

Cuirimid oiliúint agus tacaíocht ar fáil, atá oscailte do gach fostaí chun cabhrú leo ullmhú d'iarratais ar phoist agus agallaimh.

Íoctar fostaíthe de réir scála tuarastail incriminteach, agus cuirimid deiseanna láidre dul chun cinn gairme ar fáil atá oscailte do gach fostaí.

Tá triúr fostaithe earcaithe ag Comhairle Contae an Chláir i gcomhar le Employability Clare: seirbhís tacaíochta fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas, riocht sláinte nó riachtanas tacaíochta breise.

Cothromaíocht oibre agus saoil

Cuirimid réimse leathan roghanna solúbtha oibre agus saoire ar fáil a bhfuil teacht ag gach fostaí air, lena n-áirítear saoire cúramóra, sosanna gairme, saoire mháithreachais agus uchtaíoch le pá, saoire réamhbhreithe, saoire beathú cíche, saoire atharthachta le pá, saoire tuismitheora, scéimeanna bliana oibre níos giorra, comhroinnt oibre, saoire atruach, scéimeanna bliana oibre níos giorra, comhroinnt oibre, saoire foréigin teaghlaigh, saoire sos míostraithe, force majeure agus am solúbtha.

Obair Chumaisc

Tá obair chumaisc anois mar chuid dár mbeartais sholúbtha oibre le roghanna solúbtha chun obair oifige agus obair bhaile / mol a chomhcheangal. I mí an Mheithimh 2025, bhí 31% den fhoireann go léir ag baint leasa as obair chumaisc. Soláthraímid rochtain ar an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre agus ar an Scéim um Choigiltis Chánach, chun costais chomaitéireachta a laghdú.

Foghlaim agus Forbairt

Táimid tiomanta do dheiseanna leanúnacha foghlama agus forbartha a chur ar fáil ionas gur féidir le gach fostaí a lánacmhainneacht a bhaint amach. Spreagtar gach fostaí go gníomhach chun deiseanna oideachais a shaothrú tríd an Scéim Cúnaimh Oideachais, agus tá saoire staidéir agus scrúduithe ar fáil freisin.

Sláinte agus Folláine

Tá sláinte agus folláine na bhfostaithe go léir ríthábhachtach, agus tá cothromaíocht shláintiúil oibre agus saoil tábhachtach dúinn. Cuirimid clár chuimsitheacha sláinte agus folláine ceirde fostaithe ar fáil, lena n-áirítear Clár Cúnaimh d'Fhostaithe, scagthástálacha sláinte, vacsaíní fliú, cúrsaí folláine airgeadais, comhairle sláinte agus cothaithe agus seimineáir ghréasáin folláine srl. Le 4 bliana anuas tá Comhairle Contae an Chláir tar éis imeachtaí sos míostraithe agus seisiúin eolais a óstáil d'fhostaithe. Ceiliúrtar Seachtain Sláinte na bhFear i mí an Mheithimh ag tairiscint litríocht agus seimineáir ghréasáin.

I mí na Samhna 2023, sheol Comhairle Contae an Chláir Ardán Folláine nua don Fhoireann, ag tairiscint acmhainní agus imeachtaí Folláine a chlúdaíonn gach gné den saol. Cuireann an rannóg Foghlama agus Forbartha sa chomhairle deiseanna foghlama agus seisiúin eolais rialta ar fáil lena n-áirítear topaicí ar nós tacaíochtaí

tuismitheoireachta, ióga, meabhairshláinte, sláinte fhisiciúil, tacaíochtaí airgeadais srl.

Tairgeann foirgnimh na comhairle táirgí tréimhsí saor in aisce anois do bhaill foirne tar éis an Fheachtais Bochtaineachta Tréimhse Éire Shláintiúil agus fógraíonn siad mar spásanna atá cairdiúil do bheathú cíche. Tá baill foirne i dteideal leas a bhaint as saoire beathú cíche freisin.

In 2023, bronnadh gradam CIPD ar Chomhairle Contae an Chláir as 'Cultúr Folláine san Ionad Oibre a Ghlacadh'.

Dínit ag an Obair

Cuirimid chun cinn agus tacaímid le cultúr na dínite, an mheasa agus an chomhionannais. Tá Polasaí Dínit ag an Obair againn, a athbhreithníodh i mí na Samhna 2024 agus fuair gach fostaí agus bainisteoir oiliúint agus tacaíocht i gcur i bhfeidhm an pholasaí.

Éagsúlacht, Comhionannas agus Cuimsiú

Táimid ag forbairt go leanúnach mar fhostóir rogha a bheidh in ann daonra fostaithe cuimsitheach agus éagsúil a mhealladh, a fhorbairt agus a chur chun cinn. Leanaimid orainn ag dearadh agus ag soláthar seirbhísí sofheagraicha agus cúram custaiméirí a fhreastalaíonn ar riachtanais boinn custaiméirí atá ag éirí níos éagsúla. Déanaimid Dualgas na hEarnála Poiblí a leabú de réir a chéile ina próisis reatha bainistíochta, forbartha beartais agus seachadta seirbhíse. Tá grúpa oibre inmheánach um Chomhionannas agus Cearta an Duine bunaithe againn. Rinneadh measúnú in 2024 agus tá plan gníomhaíochta le seachadadh.

Rinneadh ráiteas maidir le cearta an duine agus comhionannas a ionchorprú i bpleananna corparáideacha agus i bpleananna straitéiseacha na Comhairle. Bíonn tairiscintí oiliúna agus forbartha rialta ar fáil ón Rannóg Acmhainní Daonna chun comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn.

Dualgas na hEarnála Poiblí

Déanann Chomhairle Contae an Chláir Dualgas na hEarnála Poiblí a leabú de réir a chéile ina próisis reatha bainistíochta, forbartha beartais agus seachadta seirbhíse. Tá Dualgas na hEarnála Poiblí leagtha amach in Alt 42 d'Acht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Ceanglaítear le hAlt 42 ar chomhlacht poiblí, i gcomhlíonadh a fheidhmeanna, aird a thabhairt ar an ngá atá le hidirdhealú a dhíothú, comhionannas deiseanna agus cóir chomhionann a chur chun cinn dá fhoireann agus do na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí agus cearta daonna a chomhaltaí, a fhoirne agus na ndaoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chosaint. Ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí measúnú a leagan amach ar

bhealach atá inrochtana don phobal ina bplean straitéiseach ar na saincheisteanna maidir le cearta an duine agus comhionannas a chreideann sé a bheith ábhartha dá fheidhmeanna agus dá chuspóir agus do na beartais, pleananna agus gníomhartha atá ann cheana nó atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin. Ina theannta sin, ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí tuairisc bhliantúil a thabhairt ar fhorbairtí agus ar éachtaí ina leith sin ina thuarascáil bhliantúil ar bhealach a bhfuil rochtain ag an bpobal air. Aithnímid an chomhchoitiantacht cuspóra a luaitear sna ceanglais tuairiscithe maidir le 'Dualgas' agus maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní araon agus is é is aidhm d'fhoilsiú na tuarascála seo béim a leagan ar an gcur chuige trí chéim atá molta ag IHREC - Measúnú, Seoladh agus Tuarascáil agus tacú leis.

Mná i gceannaireacht

Cuimsíonn ár bhFoireann Bainistíochta Sinsearaí an chothromaíocht inscne seo a leanas - 57% Fir agus 43% Mná, agus tá sé mar aidhm againn oibriú ar chlár maidir le mná i gceannaireacht a fhorbairt. In 2025, chríochnaigh naonúr ainmnithe ó Chomhairle Contae an Chláir an Clár Ceannaireachta Trasteorann do Mhná arna óstáil ag Co-operation Ireland.


Printíseachtaí

Mar chuid dár gcur chuige cuimsitheach i leith earcaíochta, cuireann Comhairle Contae an Chláir roinnt clár printíseachta ar fáil. Áirítear leis sin clár nua phrintíseachta atá nasctha le réimsí oibre laistigh d'údaráis áitiúla, lena n-áirítear TF agus airgeadas chomh maith le réimsí printíseachta níos traidisiúnta.

Tionscnaimh Chomhairle Contae an Chláir



**Seoladh an Mhoil Folláine Foirne
2023**



**Tairseach Folláine Airgeadais
Fostaithe seolta 2024**



CIPD 2023 & 2024



Barr Feabhais Trí Dhaoine, Creidiúnú Platanam



Ballraíocht chorparáideach le Sunflower HD



Oiliúint Feasachta Idirchultúrtha 2024



Bród an Chláir 2025

7. Achoimre

Bailiú sonraí agus forbairt beartais atá bunaithe ar fhianaise

Is díol sásaimh dúinn an deis atá againn tuairisc a thabhairt ar ár mbearna pá idir na hinscní agus d'oibríomar i gcomhar le chéile ar fud na hearnála chun cur chuige caighdeánach comhsheasmhach a chur ar fáil maidir le tuairisciú. Oibreoimid leis an GBRÁ agus lenár gcomhghleacaithe in údaráis áitiúla eile chun foghlaim agus dea-chleachtas a roinnt.

Conclúid

Tá go leor tionscnamh agus tacaíochtaí comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe i bhfeidhm cheana féin i gComhairle Contae an Chláir, agus leanfaimid orainn ag obair sa réimse seo. Táimid ag dul chun cinn i gcónaí, agus táimid tiomanta do mhonatóireacht a dhéanamh ar an mbearna pá idir na hinscní agus í a fheabhsú. Tá sé i gceist againn oibriú lenár gcomhghleacaithe ar fud na hearnála chun dea-chleachtas a roinnt.

Scrúdóidh muid cad is féidir leis na figiúirí maidir leis an mbearna pá idir na hinscní a insint dúinn agus déanfaimid monatóireacht ar na treochtaí le himeacht ama. Cabhróidh sé seo lenár ngníomhaíochtaí amach anseo a chur ar an eolas faoi na gníomhartha amach anseo.

